



Tuismitheoirí na Gaeltachta

Folúntais: Oifigeach Forbartha x 10

Tá deich bpost mar Oifigeach Forbartha á dtairiscint ag Tuismitheoirí na Gaeltachta.

Cuireann Tuismitheoirí na Gaeltachta cúnaimh agus tacaíocht ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh.

Beidh na poist seo lonnaithe sna ceantair Ghaeltachta éagsúla:

Dún na nGall: Dhá phost

Co. na Gaillimhe/na Mí: Ceithre phost

Maigh Eo: Post amháin

Cúige Mumhan: Dhá phost

Lonnaithe in aon cheantar Gaeltachta: Post amháin

Beidh naonúr de na hOifigigh seo ag obair sa phobal mar a mbeidh suas le trí Limistéar Pleanála Teanga faoina gcúram. Beidh siad freagrach as seirbhísí, imeachtaí, ócáidí agus scéimeanna Tuismitheoirí na Gaeltachta a eagrú agus a fhorbairt sna ceantair sin.

Beidh Oifigeach Forbartha amháin freagrach as cúrsaí teicneolaíochta san eagraíocht a riaradh – suíomh idirlín, nuachtlitr, meáin shóisialta, córas clárúcháin srl.

Beidh na daoine a cheapfar lonnaithe in aon cheann d'oifigí na heagraíochta i nGaoth Dobhair, Conamara nó Corca Dhuibhne nó i suíomhanna oibre lárnacha eile, atá le roghnú go fóill, sna ceantair ina mbeidh siad ag feidhmiú.

Tá tuarastal an Oifigigh Forbartha bunaithe ar scála pá d'Oifigeach Feidhmiúcháin sa tSeirbhís Phoiblí (€34,562 – €56,969).

Tá tuilleadh eolais faoi na poist seo, na ceantair a mbeidh daoine ag obair iontu agus conas iarratas a dhéanamh ag www.tuismitheoiri.ie

Dáta deireanach d'iarratais: 1.00in Dé hAoine 28 Meitheamh 2024

Tá sé i gceist ag TnaG liosta ionadaithe a bhunú mar chuid den phróiseas earcaíochta seo, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntais sa réimse seo amach anseo.

Is fostóir comhdheiseanna é Tuismitheoirí na Gaeltachta.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



AN PRÓISEAS
PLEANÁLA TEANGA
Ár dTeanga, Ár bPobal, Ár nGaeltacht



Údarás na
Gaeltachta